Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2021

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Tíreolaíocht

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas:

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Mar riail ghinearálta, más ann d'amhras faoina bhailí atá aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.
- Níl na moltaí ná samplaí etc. a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile etc.
- Chun críche marcála, is é is Pointe Suntasach Ábhartha (PSÁ) ann ná aon phíosa amháin d'eolas fíorasach a dtabharfaidh scrúdaitheoir ualú marcála dó mar atá leagtha síos sa scéim mharcála (3 mharc de ghnáth). Mar a moladh roimhe seo i gCiorclán S85/09 agus sna Táscairí Marcála Samplacha atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit, ba cheart do gach PSÁ teacht aníos as an eolas a thugann an t-iarratasóir, rud is cúis le freagra comhleanúnach foriomlán ar an gceist.

# Fiosrúchán Tíreolaíochta – Croí-Aonad 3

*(Feic Aguisín 1 chun teacht ar an Liosta Topaicí)*

1. Réamhrá

4 PSÁ @ 1m an ceann
Cloí leis an bhfad a leagadh síos – 1 mharc — Marcanna iomlána 5

2. Pleanáil

4 PSÁ @ 1m an ceann
Cloí leis an bhfad a leagadh síos – 1 mharc — Marcanna iomlána 5

3. Bailiú Sonraí

Dhá Mhodh/Thasc @ 18 marc an ceann
Gach modh/tasc – 9 PSÁ @ 2 mharc an ceann — 36m
Ceadaigh PSÁ amháin ar léaráid do gach Modh/Tasc.

| | |
|---|---|
| Comhleanúnachas – 2 mharc ghrádaithe (2/1/0) | |
| Cloí leis an bhfad a leagadh síos 2 mharc | 4m |

Marcanna iomlána 40

4. Torthaí, Tátail, Luacháil

Trí theideal @ 8 marc an ceann
Gach teideal: 4 PSÁ @ 2 mharc an ceann — 24m

| | |
|---|---|
| Comhleanúnachas – 4 mharc ghrádaithe (4/2/0) | |
| Cloí leis an bhfad a leagadh síos 2 mharc | 6m |

Marcanna iomlána: 30

5. Eagrú agus Léiriú Torthaí

Dhá mhodh dhifriúla sa chur i láthair
Gach cur i láthair: 5 PSÁ @ 2 mharc an ceann

Marcanna iomlána: 20

# Briseadh Síos ar na Marcanna don Chur i Láthair

***Píchairt / Treoghraf / Barrachairt / Scaipghraf srl.***

| | |
|---|---|
| X-ais lipéadaithe / ciorcal | 2m |
| Y-ais lipéadaithe / láraithe | 2m |
| Sonraí curtha i láthair i gceart | 2m |
| Sonraí curtha i láthair i gceart | 2m |
| Tuairim ar an iomlán | 2m grádaithe (2/1/0) |

***Léaráid / Sceitse / Léarscáil***

| | |
|---|---|
| 1 phíosa faisnéise anótáilte | Léirithe 2m + Ainmnithe 2m |
| 1 phíosa faisnéise anótáilte | Léirithe 2m + Ainmnithe 2m |
| Tuairim ar an iomlán | 2m grádaithe (2/1/0) |

***Tábla***

| | |
|---|---|
| Teideal | 2m |
| Sraitheanna lipéadaithe | 2m |
| Colúin lipéadaithe | 2m |
| Sonraí | 2m |
| Tuairim ar an iomlán | 2m grádaithe (2/1/0) |

**CUID A hAON – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 100 MARC**
**BRONN DEICH gCINN AR BITH DE NA CEISTEANNA @ 10 MARC AN CEANN.**
Marcáil **gach** ceist a ndearnadh iarracht uirthi agus bronn na deich gceist leis na marcanna is airde.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| C.1 (i) | B | | 2m | |
| | D | | 2m | |
| | A | | 2m | |
| | C | | 2m | |
| C.1 (i) | Suíomh bailí ar bith | | 2m | Iomlán 10m |
| C.2 (i) | D | C.2 (ii) **(Creimeadh)** | 2m | |
| | A | Sil-leagan | 2m +2m | |
| | B | **(Creimeadh)** | 2m | |
| | **(C)** | Creimeadh | 2m | Iomlán 10m |
| C.3 (i) | A | C.3 (ii) **(Tapa)** | 2m | |
| | D | Mall | 2m + 2m | |
| | C | **(Tapa)** | 2m | |
| | **(B)** | Tapa | 2m | Iomlán 10m |
| C.4 | B | | 2m | |
| | C | | 2m | |
| | E | | 2m | |
| | D | | 2m | |
| | A | | 2m | Iomlán 10m |
| C.5 | B | | 2m | |
| | D | | 2m | |
| | C | | 2m | |
| | A | | 2m | |
| | E | | 2m | Iomlán 10m |
| C.6 (i) | 108 $km^2$ | | 5m | |
| (ii) | 5.0 km | | 5m | Iomlán 10m |

| | | | |
|---|---|---|---|
| C.7 (i) | Caisleán | 2m | |
| | Crannóg | 2m | |
| | Cillín | 2m | |
| (ii) | Coillearnach mheasctha | 2m | |
| (iii) | Siombail a tarraingíodh mar is ceart | 2m | Iomlán 10m |
| C.8 (i) | Cúlra ar dheis | 2m | |
| | Talamh láir ar chlé | 2m | |
| | Talamh lár sa lár | 2m | |
| | Talamh láir ar dheis | 2m | |
| (ii) | Fiar | 2m | Iomlán 10m |
| C.9 (i) | 971 (heicteapascail/milleabair) | 2m | |
| (ii) | Bréagach | 2m | |
| (iii) | Brú ard | 2m | |
| (iv) | Siombail a tarraingíodh mar is ceart | 2m | |
| (v) | Iseabair | 2m | Iomlán 10m |
| C.10 (i) | 21 (%) | 2m | |
| (ii) | An Nígir | 2m | |
| (iii) | 41 (%) | 2m | |
| (iv) | Príomhúil | 2m | |
| | Treasach | 2m | Iomlán 10m |
| C.11 (i) | 149 (milliméadair) | 2m | |
| (ii) | Lúnasa | 2m | |
| (iii) | Ceithre | 2m | |
| (iv) | Béal an Mhuirthead | 2m | |
| (v) | Méadar báistí | 2m | Iomlán 10m |
| C.12 | B | 2m | |
| | E | 2m | |
| | C | 2m | |
| | D | 2m | |
| | A | 2m | Iomlán 10m |

## CUID A DÓ – CEISTEANNA STRUCHTÚRTHA agus AISTE – 200 MARC

Ní mór duit tabhairt faoi **DHÁ** cheist. Caithfidh gach ceist a bheith as roinn dhifriúil.

- Roinn 1: **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach** (Ceisteanna 1-3)
- Roinn 2: **Tíreolaíocht Réigiúnach** (Ceisteanna 4-6)
- Roinn 3: **Toghaonaid** (Ceisteanna 7-12)

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SA FHREAGARLEABHAR INA BHFUIL CUID A hAON***

## ROINN 1

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISEACHACH

**Ceist 1 go 3**

Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist.

## Ceist 1

**1A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- Loch Cuilinn
- Oileán Uí Ghríofa (*Griffins Island*)
- Limistéar de choillearnach mheasctha
- An limistéar iomlán talún atá os cionn 200 méadar in oirthuaisceart na léarscáile
- Cúrsa iomlán Abhainn na Claoidí (*Clydagh River*).

**Imlíne na Sracléarscáile:**

| | |
|---|---|
| **Teorainneacha/Fráma** | **1m** |
| **Comhréir (portráid)** | **2m** |
| **Tuairim ar an Iomlán** | **2m grádaithe (2/1/0)** |
| | **Fo-Iomlán 5m** |

**Cúig rud á dtaispeáint agus lipéadaithe amhail a leanas:**

| | |
|---|---|
| **Ag taispeáint** | **3m grádaithe (3/1/0)** |
| **Lipéadaithe** | **2m** |
| | **Fo-iomlán 25 mharc** |

**I gcás rianú soiléir bronn 50% de na marcanna a gnóthaíodh as míreanna a thaispeáint agus a lipéadú agus 0 marc de na 5 mharc as teorainneacha, cion agus tuairim ar an iomlán.**

**Iomlán 30m**

**1B. Bolcáin**

(i) Ainmnigh **dhá** shampla de bholcáin.

**Dhá shampla @ 2m an ceann** **4m**

(ii) Déan plé ar na hiarmhairtí dearfacha a bhaineann le bolcáin.

**6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **18m**

(iii) Déan plé ar na hiarmhairtí diúltacha a bhaineann le bolcáin.

**6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **18m**

**Iomlán 40m**

**1C. Carraigeacha**

(i) Ainmnigh sampla **amháin** de charraig dhríodair **agus** luaigh suíomh in Éirinn ina mbíonn sí ar fáil.

**Carraig dhríodair ainmnithe** **3m**

**Suíomh bailí luaite** **3m**

(ii) Déan cur síos agus tabhair míniú ar an gcaoi a bhfoirmítear carraigeacha dríodair.

**Cur síos/Míniú 8 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **24m**

**PSÁ amháin ar a laghad as míniú.**

**Ceadaigh PSÁ amháin as léaráid anótáilte ábhartha.**

**Féadfar PSÁ a bhronnadh as faisnéis ábhartha, sa bhreis ar an téacs, a thugtar ar léaráidí.**

**Iomlán 30m**

## Ceist 2

**2A. Teicteonaic Plátaí**

(i) An bhfuil na plátaí ag imbhualadh faoi chéile nó ag scaradh ó chéile ag **A**?

| | |
|---|---|
| **Scaradh** | **3m** |

(ii) Ainmnigh an droim aigéin a ritheann ó Thuaidh – ó Dheas feadh na teorann plátaí ag **A**.

| | |
|---|---|
| **Mullach Lár an Atlantaigh** | **3m** |

(iii) Ainmnigh an t-oileán bolcánach atá suite ag **B**.

| | |
|---|---|
| **An Íoslainn** | **3m** |

(iv) Ainmnigh an pláta ar a luíonn Éire.

| | |
|---|---|
| **Eoráiseach** | **3m** |

(v) Ainmnigh an **dá** phláta atá ag imbhualadh faoi chéile ag an teorainn ar a bhfuil an lipéad **C**.

| | |
|---|---|
| **Pláta Nazca agus Pláta Mheiriceá Theas** | **3m + 3m** |

(vi) Ainmnigh tírghné **amháin** a fhoirmítear ag teorainneacha plátaí atá ag imbhualadh le chéile **agus** ainmnigh sampla **amháin** den tírghné sin.

| | |
|---|---|
| **Tírghné ainmnithe amháin** | **3m** |
| **Sampla bailí amháin** | **3m** |

(vii) Mínigh go hachomair an tslí a ngluaiseann plátaí.

| | |
|---|---|
| **Míniú achomair dhá PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **6m** |

**Iomlán 30m**

**2B. Próisis Dromchla**

**Freagair** (i) **nó** (ii)

(i) Mínigh, le cuidiú léaráidí, foirmiú **dhá** thírghné ar bith.

**Foirmiú dhá thírghné ar bith @ 20 marc an ceann.**

**Do gach aon tírghné:**

| | |
|---|---|
| **Tírghné ainmnithe** | **1m** |
| **Léaráid(í) dhá ghné @ 2 mharc an ceann** | **4m** |
| **Foirmiú mínithe 5 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **15m** |

**Ní mór do PSÁ amháin ar a laghad míniú a thabhairt ar phróiseas ábhartha.**
**Ceadaigh PSÁ amháin le haghaidh sampla ainmnithe.**
**Féadfar PSÁ a bhronnadh as faisnéis ábhartha, sa bhreis ar an téacs, a thugtar ar léaráidí.**

**Iomlán 40m**

**nó**

(ii) Déan cur síos agus míniú ar **dhá** phróiseas ollghluaiseachta ar bith.

**Dhá phróiseas ar bith @ 20 marc an ceann**

**Do gach aon phróiseas:**

| | |
|---|---|
| **Próiseas luaite** | **2m** |
| **Cur síos/míniú 6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **18m** |

**PSÁ amháin ar a laghad as míniú.**
**Ceadaigh sampla ainmnithe le haghaidh PSÁ amháin.**
**Ceadaigh PSÁ amháin as léaráid anótáilte ábhartha.**
**Féadfar PSÁ a bhronnadh as faisnéis ábhartha, sa bhreis ar an téacs, a thugtar ar léaráidí.**

**Iomlán 40m**

## 2C. Idirghníomhú an Duine le Timthriall na gCarraigeacha

Déan cur síos agus tabhair míniú ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn an duine le timthriall na gcarraigeacha, agus bíodh tagairt agat do cheann **amháin** díobh seo a leanas:

- Cairéalú
- Mianadóireacht
- Saothrú Ola/Gáis
- Táirgeadh fuinnimh gheoiteirmigh.

**Cur síos/míniú 10 PSÁ @ 3 mharc an ceann**

**Ceadaigh PSÁ amháin le haghaidh sampla ainmnithe.**
**PSÁ amháin ar a laghad as míniú.**
**Ceadaigh PSÁ amháin as léaráid anótáilte ábhartha.**
**Féadfar PSÁ a bhronnadh as faisnéis ábhartha, sa bhreis ar an téacs, a thugtar ar léaráidí.**
**Is féidir glacadh le léirmhíniú dearfach agus diúltach.**

**Iomlán 30m**

## Ceist 3

**3A. Próisis Dromchla**

(i) I do fhreagarleabhar, meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B** agus **C** atá ar na fótagraif thuas leis an ngné is fearr ón liosta thíos a mheaitseálann é:

- **B** Fána sciligh **3m**
- **A** Pábháil aolchloiche **3m**
- **C** Tambaló. **3m**

(ii) I do fhreagarleabhar, meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B** agus **C** atá ar na fótagraif thuas leis an bpróiseas ón liosta thíos is mó a luaitear le foirmiú na tírghné san fhótagraf:

- **C** Sil-leagan cósta **3m**
- **B** Síonchaitheamh fisiciúil/meicniúil **3m**
- **A** Síonchaitheamh ceimiceach. **3m**

(iii) Ainmnigh próiseas **amháin** de shíonchaitheamh fisiciúil/meicniúil.

**Próiseas bailí ainmnithe 3m**

(iv) Ainmnigh próiseas **amháin** de shíonchaitheamh ceimiceach.

**Próiseas bailí ainmnithe 3m**

(v) Mínigh go hachomair próiseas an *ghníomhaithe hiodrálaigh*.

**Míniú achomair dhá PSÁ @ 3 mharc an ceann 6m**

**Iomlán 30m**

**3B. Creathanna Talún**

(i) Ainmnigh **dhá** shuíomh thíreolaíocha inar tharla creathanna talún.

**Dhá shuíomh bhailí ainmnithe 3m + 3m**

(ii) Ainmnigh scála **amháin** a úsáidtear chun creathanna talún a thomhas.

**Scála bailí ainmnithe 4m**

(iii) Mínigh conas a tharlaíonn creathanna talún **agus** déan cur síos ar na príomh-iarmhairtí a bhaineann leo.

**Cur síos/míniú 10 PSÁ @ 3 mharc an ceann 30m**

**PSÁ amháin ar a laghad le haghaidh míniú ar an dóigh a dtarlaíonn creathanna talún.**

**PSÁ amháin ar a laghad le haghaidh cur síos ar na príomhéifeachtaí a bhaineann le creathanna talún.**

**Ceadaigh PSÁ amháin as léaráid anótáilte ábhartha.**

**Féadfar PSÁ a bhronnadh as faisnéis ábhartha, sa bhreis ar an téacs, a thugtar ar léaráidí.** **Iomlán 40m**

**3C. Idirghníomhaíocht an Duine le Próisis Dromchla**

Scrúdaigh an tslí a n-idirghníomhaíonn daoine le ceann **amháin** de na próisis dromchla seo a leanas:

- Próisis abhann
- Próisis chósta
- Ollghluaiseacht.

| | |
|---|---|
| **Idirghníomhú aitheanta** | **3m** |
| **Míniú 9 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **27m** |

**Ceadaigh an dara n-idirghníomhú a aithníodh le haghaidh PSÁ amháin.**
**Caithfear gach idirghníomhú eile a mhíniú le haghaidh PSÁnna.**
**Ceadaigh PSÁ amháin le haghaidh sampla ainmnithe.**
**Ceadaigh PSÁ amháin as léaráid anótáilte ábhartha.**
**Féadfar PSÁ a bhronnadh as faisnéis ábhartha, sa bhreis ar an téacs, a thugtar ar léaráidí.**
**Is féidir glacadh le léirmhíniú dearfach agus diúltach.**

**Iomlán 30m**

## ROINN 2
## TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH

**Ceist 4 go 6**

Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist.

## Ceist 4

**4A. Réigiún Ilchríochach / Fo-ilchríochach**

Tarraing sracléarscáil de réigiún **Ilchríochach** / **Fo-ilchríochach** (**nach bhfuil san Eoraip**) a bhfuil staidéar déanta agat air.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **ainmnigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- Limistéar rilífe ainmnithe **amháin** (talamh ard nó talamh íseal)
- Abhainn ainmnithe **amháin**
- **Dhá** bhaile nó **dhá** chathair ainmnithe sa réigiún seo.

| | | |
|---|---|---|
| **Imlíne an Réigiúin** | **6m grádaithe (6/4/2/0)** | |
| **Rilíf (talamh ard/talamh íseal):** | **Ainmnithe** | **2m** |
| | **Taispeánta** | **4m grádaithe (4/2/0)** |
| **Abhainn:** | **Ainmnithe** | **2m** |
| | **Taispeánta** | **4m grádaithe (4/2/0)** |
| **Baile/Cathair 1:** | **Ainmnithe** | **2m** |
| | **Taispeánta** | **4m grádaithe (4/2/0)** |
| **Baile/Cathair 2:** | **Ainmnithe** | **2m** |
| | **Taispeánta** | **4m grádaithe (4/2/0)** |

**Iomlán 30m**

**4B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Thánaisteach i Réigiún Éireannach**

Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas agus déan tagairt do réigiún **in Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air.

(i) Ainmnigh sampla **amháin** de ghníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach sa réigiún sin.

**Sampla ainmnithe** **4m**

(ii) Mínigh na buntáistí atá ag an réigiún sin maidir le forbairt na gníomhaíochta geilleagraí tánaistí sin.

**Míniú 9 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **27m**

**Ceadaigh réigiún ainmnithe le haghaidh PSÁ amháin.**

(iii) Déan cur síos ar dhúshlán **amháin** atá roimh an nghníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach sin sa réigiún sin.

**Cur síos 3 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **9m**

**Iomlán 40m**

**4C. Coincheap an réigiúin**

Déan cur síos agus tabhair míniú, agus samplaí á n-úsáid, ar **dhá** cheann ar bith de na cineálacha réigiúin atá ar an liosta thíos:

- Réigiún aeráide
- Réigiún gheomoirfeolaíocha
- Réigiúin chultúir sainmhínithe ag teanga
- Réigiúin chultúir sainmhínithe ag reiligiún.

**Cur síos/míniú 10 PSÁ @ 3 mharc an ceann**

**Réigiún 1: 5 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **15m**
**Réigiún 2: 5 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **15m**

**Ceadaigh sampla de gach réigiún le haghaidh dhá PSÁ.**

**PSÁ amháin ar a laghad as míniú.**

**Iomlán 30m**

## Ceist 5

### 5A. Foraoiseacht in Éirinn

(i) Ainmnigh **dhá** chontae inar cuireadh níos mó ná 300 heicteár talaimh faoi chrainn in 2016.

**An Cabhán/Liatroim/Maigh Eo** **3m + 3m**

(ii) Cén bhliain idir 2014 agus 2018 ina ndearnadh an t-achar ba mhó talaimh i gCill Mhantáin a chur faoi chrainn?

**2016** **3m**

(iii) Cén contae ina raibh an t-achar talaimh ba mhó a cuireadh faoi chrainn in 2018?

**An Cabhán** **3m**

(iv) Ríomh an difríocht (ina heicteáir) idir an t-achar talaimh i Maigh Eo a cuireadh faoi chrainn agus an t-achar talaimh i gCill Dara a cuireadh faoi chrainn in 2018.

**176 (heicteár)** **6m**

(v) Luaigh **dhá** thoisc fhisiciúla a fhágann go bhfuil Éire oiriúnach i gcomhair na foraoiseachta.

**Dhá thoisc bhailí luaite** **3m + 3m**

(vi) Mínigh go hachomair buntáiste **amháin** do gheilleagar na hÉireann a bhaineann leis an bhforaoiseacht.

**Míniú achomair dhá PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6m**

**Iomlán 30m**

### 5B. Réigiúin Uirbeacha

Déan cur síos agus tabhair míniú ar na cúiseanna atá le fás limistéir uirbigh **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**Cur Síos/míniú 10 PSÁ @ 3 mharc an ceann**

**PSÁ amháin ar a laghad as míniú.**
**Ceadaigh ceantar uirbeach ainmnithe le haghaidh PSÁ amháin.**

**Iomlán 30m**

**5C. Gníomhaíocht Gheilleagrach Phríomhúil i Réigiún Ilchríochach / Fo-ilchríochach**

Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas agus bíodh tagairt agat do réigiún **Ilchríochach** / **Fo-ilchríochach** (**nach bhfuil san Eoraip**) a bhfuil staidéar déanta agat air.

(i) Ainmnigh gníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil **amháin** a chuireann le geilleagar an réigiúin sin.

**Gníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil ainmnithe 4m**

(ii) Mínigh na buntáistí atá ag an réigiún sin maidir le forbairt na gníomhaíochta geilleagraí príomhúla a ainmníodh i gcuid (i) thuas.

**Míniú 9 PSÁ @ 3 mharc an ceann 27m**

**Ceadaigh réigiún ainmnithe le haghaidh PSÁ amháin.**

(iii) Déan cur síos ar fhadhb **amháin** a bhíonn roimh an ngníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil sin sa réigiún sin.

**Cur síos 3 PSÁ @ 3 mharc an ceann 9m**

**Iomlán 40m**

## Ceist 6

### 6A. An tAontas Eorpach – Talmhaíocht

(i) Cé mhéad bainne (ina mhilliúin tonna) a táirgeadh san Ísiltír in 2018?

**14** **3m**

(ii) Cén tír ar an liosta sa tábla thuas a tháirg an méid ba mhó bainne in 2018?

**An Ghearmáin** **3m**

(iii) Cén céatadán den bhainne a úsáideadh chun uachtar a dhéanamh?

**12 (%)** **3m**

(iv) Ríomh **X**, an céatadán den bhainne a úsáideadh chun im a dhéanamh.

**29 (%)** **6m**

(v) Cén táirge ba mhó ar úsáideadh bainne lena dhéanamh in 2018?

**Cáis** **3m**

(vi) Ainmnigh **dhá** chineál feirme a bhíonn le fáil in Éirinn.

**Dhá chineál bhailí ainmnithe** **3m + 3m**

(vii) Mínigh go hachomair buntáiste **amháin** a bhaineann le ballraíocht an Aontais Eorpaigh d'fheirmeoirí na hÉireann.

**Míniú achomair dhá PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6m**

**Iomlán 30m**

### 6B. Gníomhaíochtaí Geilleagracha – Réigiún Eorpach

Mínigh forbairt **dhá** cheann ar bith díobh seo a leanas, agus bíodh tagairt agat do réigiún **Eorpach (nach bhfuil in Éirinn)** a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Na cúiseanna a mheallann turasóirí go dtí an réigiún
- Tábhacht na déantúsaíochta don réigiún
- Forbairt an iompair sa réigiún.

**Gníomhaíocht 1 mínithe 7 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **21m**

**Gníomhaíocht 2 mínithe 6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **18m**

**Réigiún ainmnithe** **1m**

**Iomlán 40m**

**6C. Fadhbanna Réigiúnacha**

Déan cur síos agus tabhair míniú ar **dhá** fhadhb a bhíonn ag aon réigiún a bhfuil staidéar déanta agat air.

| | |
|---|---|
| **Cur síos/míniú ar fhadhb 1: 5 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **15m** |
| **Cur síos/míniú ar fhadhb 2: 5 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **15m** |

**Ceadaigh réigiún ainmnithe le haghaidh PSÁ amháin.**

**PSÁ amháin ar a laghad as míniú.**

**Iomlán 30m**

## ROINN 3

## TOGHAONAID

## Ceist 7 go 12

**Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha (Ceisteanna 7, 8 agus 9)**

**Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine (Ceisteanna 10, 11 agus 12)**

Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist.

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS I NGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA

**Ceist 7 go 9**

## Ceist 7

**7A. Úsáid Fuinnimh in Éirinn**

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí sin a léiriú.

| | |
|---|---|
| **Grafpháipéar** | **3 mharc** |
| **Ais cheartingearach lipéadaithe/Ciorcal** | **3m grádaithe (3/1/0)** |
| **Ais chothrománach lipéadaithe/Láraithe** | **3m grádaithe (3/1/0)** |
| **5 mhír @ 3 mharc an ceann grádaithe (3/1/0)** | **15m** |
| | **Fo-iomlán 24 mharc** |

(ii) I do fhreagarleabhar, mínigh go hachomair iarmhairt dhiúltach **amháin** a bhaineann le hastuithe $CO_2$.

| | |
|---|---|
| **Míniú achomair 2 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **6m** |

**Iomlán 30m**

**7B. Cuideachta Ilnáisiúnta (CIN)**

(i) Ainmnigh cuideachta ilnáisiúnta **amháin** atá ag feidhmiú in Éirinn.

| | |
|---|---|
| **CIN bailí ainmnithe** | **4m** |

(ii) Ainmnigh amhábhar **amháin** a úsáideann an chuideachta ilnáisiúnta sin **agus** ainmnigh an tír óna bhfaightear an t-amhábhar sin.

| | |
|---|---|
| **Amhábhar bailí ainmnithe** | **3m** |
| **Tír fhoinse bhailí ainmnithe** | **3m** |

(iii) Ainmnigh táirge **amháin** a dhéanann an chuideachta ilnáisiúnta sin.

| | |
|---|---|
| **Táirge bailí ainmnithe** | **3m** |

(iv) Luaigh an áit in Éirinn ina bhfuil an chuideachta ilnáisiúnta sin lonnaithe **agus** mínigh go mionsonrach an chúis ar lonnaíodh san áit sin í.

| | |
|---|---|
| **Suíomh bailí** | **3m** |
| **Míniú 8 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **24m** |

**Iomlán 40m**

**7C. Éire agus an tAontas Eorpach**

Mínigh an chaoi a bhfuil ballraíocht na hÉireann san Aontas Eorpach tar éis dul i bhfeidhm ar gheilleagar na hÉireann.

| | |
|---|---|
| **Tionchar Aitheanta 1 PSÁ** | **3m** |
| **Míniú 9 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **27m** |

**Ceadaigh an dara tionchar a aithníodh le haghaidh PSÁ amháin.**
**Ceadaigh beartas (nó réimse beartais) ainmnithe le haghaidh PSÁ amháin.**

**Iomlán 30m**

## Ceist 8

**8A. Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Bhéal Easa a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar san aerfótagraf.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- An abhainn
- **Dhá** shráid a bhuaileann le chéile
- Droichead
- Limistéar foraoiseachta sa chúlra ar chlé
- Limistéar fásaigh sa chúlra ar dheis.

| | |
|---|---|
| **Imlíne na Sracléarscáile:** | |
| **Teorainneacha/Fráma** | **1m** |
| **Comhréir (tírdhreach)** | **2m** |
| **Tuairim ar an iomlán** | **2m grádaithe (2/1/0)** |
| | **Fo-Iomlán 5m** |
| **Cúig rud á dtaispeáint agus lipéadaithe amhail a leanas:** | |
| **Ag taispeáint** | **3m grádaithe (3/1/0)** |
| **Lipéadaithe** | **2m** |
| | **Fo-iomlán 25 mharc** |

**I gcás rianú soiléir bronn 50% de na marcanna a gnóthaíodh as gnéithe, ach 0 marc de na 5 mharc as sracléarscáil.**

**Iomlán 30m**

**8B. Gníomhaíocht Gheilleagrach – Truailliú an Chomhshaoil**

(i) Ainmnigh sampla **amháin** de thruailliú an chomhshaoil de thoradh ar ghníomhaíocht gheilleagrach.

**Sampla bailí ainmnithe** **4m**

(ii) Mínigh cúiseanna **agus** iarmhairtí an truaillithe comhshaoil sin .

**Cúis amháin aitheanta** **3m**

**Iarmhairt amháin aitheanta** **3m**

**Teastaíonn míniú ar gach cúis agus éifeacht eile**

**Míniú 7 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **21m**

**Fo-iomlán 27 marc**

(iii) Déan cur síos ar conas a d'fhéadfaí an truailliú comhshaoil sin a laghdú.

**Cur síos 3 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **9m**

**Iomlán 40m**

**8C. Forbairt Gheilleagrach – Geilleagar Forbartha**

Déan cur síos agus tabhair míniú ar fhorbairt ceann **amháin** díobh seo a leanas, agus bíodh tagairt agat do gheilleagar forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Turasóireacht
- Seirbhísí airgeadais
- Tionscail seirbhíse agus tionscail gan chuing.

**Geilleagair forbartha ainmnithe** **3m**

**Cur Síos/míniú 9 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **27m**

**PSÁ amháin ar a laghad as míniú.**

**Iomlán 30m**

## Ceist 9

**9A. An tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna**

(i) Cén tír ag ar raibh an luach ab airde ar an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna in 2018?

**Éire** **3m**

(ii) Cad é an t-oll-ioncam náisiúnta per capita (in $SAM) a bhí ag an Astráil in 2018?

**44,097 (US$)** **3m**

(iii) Cén **dá** thír a raibh an t-ionchas saoil tráth breithe ab ísle acu in 2018?

**Mailí agus Meicsiceo** **3m + 3m**

(iv) Ríomh an difríocht atá san oll-ioncam náisiúnta per capita (in $SAM) in Éirinn agus Meicsiceo.

**38,032 (US$)** **6m**

(v) Liostaigh **dhá** chúis a mbíonn luach níos airde ar an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna ag tíortha áirithe seachas ag tíortha eile.

**Dhá chúis bhailí liostaithe** **3m + 3m**

(vi) Mínigh go hachomair toisc **amháin** a mbíonn tionchar aici ar an ionchas saoil.

**Míniú achomair 2 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6m**

**Iomlán 30m**

**9B. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Cuir i gcás gur tugadh mar thasc duit suíomh oiriúnach le haghaidh monarcha nua a fháil taobh istigh den limistéar atá ar an léarscáil.

(i) Luaigh cá lonnófá an mhonarcha, agus tagairt eangaí sé fhigiúr á húsáid agat.

**Tagairt eangaí sé fhigiúr** **4m grádaithe (4/2/0)**

(ii) Mínigh na cúiseanna ar roghnaigh tú an suíomh sin.

**Cúiseanna mínithe 9 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **27m**

(iii) Déan cur síos ar mhíbhuntáiste **amháin** a bhaineann leis an monarcha a lonnú sa suíomh sin.

**Míbhuntáiste amháin mínithe 3 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **9m**

**Iomlán 40m**

**9C. Coilíneachas**

(i) Ainmnigh geilleagar i mbéal forbartha **amháin** a ndearnadh coilíniú air.

**Geilleagar i mbéal forbartha ainmnithe** **3m**

(ii) Déan cur síos agus tabhair míniú ar iarmhairtí an choilíneachais ar an ngeilleagar i mbéal forbartha sin.

**Cur síos/míniú 9 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **27m**

**PSÁ amháin ar a laghad as míniú.**

**Iomlán 30m**

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS I GCOMHSHAOL AN DUINE

**Ceist 10 go 12**

## Ceist 10

**10A. Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Bhéal Easa a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar san aerfótagraf.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- Carrchlós mór
- **Dhá** shráid a bhuaileann le chéile
- **Dhá** shéipéal
- Páirc spóirt sa chúlra ar dheis.

| | |
|---|---|
| **Imlíne na Sracléarscáile:** | |
| **Teorainneacha/Fráma** | **1m** |
| **Comhréir (tírdhreach)** | **2m** |
| **Tuairim ar an iomlán** | **2m grádaithe (2/1/0)** |
| | **Fo-Iomlán 5m** |
| **Cúig rud á dtaispeáint agus lipéadaithe amhail a leanas:** | |
| **Ag taispeáint** | **3m grádaithe (3/1/0)** |
| **Lipéadaithe** | **2m** |
| | **Fo-iomlán 25 mharc** |

**I gcás rianú soiléir bronn 50% de na marcanna a gnóthaíodh as gnéithe, ach 0 marc de na 5 mharc as sracléarscáil.**

**Iomlán 30m**

**10B. Imirce – Ó Cheantar Tuaithe go Ceantar Uirbeach**

(i) Luaigh **dhá** chúis a dtéann daoine ar imirce ó cheantair thuaithe chuig ceantair uirbeacha.

**Dhá chúis bhailí luaite @ 2m + 2m** **4m**

(ii) Déan cur síos agus tabhair míniú ar iarmhairt na himirce sin ar na ceantair uirbeacha a dtéann daoine ar imirce chucu.

**Cur Síos/míniú 6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **18m**

**PSÁ amháin ar a laghad as míniú.**

(iii) Déan cur síos agus tabhair míniú ar iarmhairt na himirce sin ar na ceantair thuaithe a fhágann said ina ndiaidh.

**Cur síos/míniú 6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **18m**

**PSÁ amháin ar a laghad as míniú.**

**Iomlán 40m**

**10C. Ródhaonra**

(i) Mínigh go hachomair cad atá i gceist leis an téarma *ródhaonra.*

**Míniú achomair 2 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6m**

(ii) Déan cur síos agus tabhair míniú ar chúiseanna **agus** iarmhairtí an ródhaonra, agus bíodh tagairt agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**Cúis amháin aitheanta** **3m**
**Iarmhairt amháin aitheanta** **3m**

**Teastaíonn cur síos/míniú ar gach cúis agus iarmhairt eile**

**Cur síos/míniú 6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **18m**

**PSÁ amháin ar a laghad as míniú.**

**Iomlán 30m**

## Ceist 11

**11A. Dáileadh Daonra**

(i) Cén daonra a bhí i gContae Lú in 2011?

**122,897** **3m**

(ii) Cén céatadán de dhaonra na hÉireann a bhí ag cur fúthu i limistéir thuaithe in 2016?

**37 (%)** **3m**

(iii) Ríomh an t-athrú ar dhaonra Chontae Shligigh idir 2011 agus 2016.

**(+) 142** **6m**

(iv) Cén contae ina raibh an céatadán ab airde den daonra ag cur fúthu i limistéir thuaithe in 2016?

**Co. Liatroma** **3m**

(v) Luaigh **dhá** chúis a mbíonn níos mó daoine in Éirinn ina gcónaí i limistéir uirbeacha.

**Dhá chúis bhailí luaite** **3m + 3m**

(vi) Cén céatadán de dhaonra Chontae Bhaile Átha Cliath a bhí ag cur fúthu i limistéir uirbeacha in 2016?

**98 (%)** **3m**

(vii) Mínigh go hachomair cúis **amháin** a bhfuil méadú ag teacht ar dhaonra na hÉireann.

**Míniú achomair 2 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6m**

**Iomlán 30m**

**11B. Cathair sa Domhan i mBéal Forbartha**

(i) Ainmnigh cathair **amhái**n sa domhan i mbéal forbartha atá ag fás go tapa.

**Cathair sa domhan i mbéal forbartha ainmnithe** **4m**

(ii) Mínigh na cúiseanna leis an bhfás tapa ar an gcathair sin sa domhan i mbéal forbartha.

**Míniú 5 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **15m**

(iii) Déan cur síos ar na fadhbanna a thagann chun cinn mar gheall ar an bhfás tapa sin.

**Cur síos 4 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **12m**

(iv) Mínigh réiteach **amháin** ar na fadhbanna sin.

**Míniú 3 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **9m**

**Iomlán 40m**

**11C. Forbairt Lonnaíochtaí Uirbeacha**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Mínigh **thrí** chúis ar fhorbair baile Bhéal Easa sa suíomh seo, agus úsáid fianaise ó léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis mar thacú le gach cúis díobh.

**Trí chúis @ 10 marc an ceann** **30m**

**I gcás gach cúise:**

**Fianaise ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis** **1m**

**Míniú 3 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **9m**

**Iomlán 30m**

## Ceist 12

**12A. Dlús an Daonra**

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí sin a léiriú.

| | |
|---|---|
| **Grafpháipéar** | **3m** |
| **Ais cheartingearach lipéadaithe/Ciorcal** | **3m grádaithe (3/1/0)** |
| **Ais chothrománach lipéadaithe/Láraithe** | **3m grádaithe (3/1/0)** |
| **5 mhír @ 3 mharc an ceann grádaithe (3/1/0)** | **15m** |
| | **Fo-iomlán 24 mharc** |

(ii) I do fhreagarleabhar, mínigh go hachomair cúis **amháin** a mbíonn dlús daonra íseal i réigiúin áirithe.

| | |
|---|---|
| **Míniú achomair 2 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **6m** |

**Iomlán 30m**

**12B. Feidhmeanna Uirbeacha**

(i) Ainmnigh limistéar uirbeach **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

| | |
|---|---|
| **Ceantar uirbeach bailí ainmnithe** | **3m** |

(ii) Ainmnigh **dhá** fheidhm ar bith a bhaineann leis an limistéar uirbeach sin.

| | |
|---|---|
| **Dhá fheidhm bhailí ainmnithe** | **3m + 3m** |

(iii) Déan cur síos agus tabhair míniú ar an gcaoi ar tháinig athrú le himeacht aimsire ar na feidhmeanna a bhaineann leis an limistéar uirbeach sin.

| | |
|---|---|
| **Cur Síos/míniú 7 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **21m** |

**PSÁ amháin ar a laghad as míniú.**

**Iomlán 30m**

**12C. Gréasáin Lonnaíochta Tuaithe**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

(i) Ainmnigh **trí** ghréasán lonnaíochta tuaithe dhifriúla atá le feiceáil ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis **agus** tabhair tagairt eangaí sé fhigiúr do shuíomh ina bhfuil sampla de gach ceann díobh.

| | |
|---|---|
| **Patrún 1 ainmnithe** | **4m** |
| **Patrún 2 ainmnithe** | **3m** |
| **Patrún 3 ainmnithe** | **3m** |

| | |
|---|---|
| **Tagairt Eangaí 1:** | **4m grádaithe (4/2/0)** |
| **Tagairt Eangaí 2:** | **4m grádaithe (4/2/0)** |
| **Tagairt Eangaí 3:** | **4m grádaithe (4/2/0)** |

(ii) Mínigh gach ceann de na **trí** ghréasán lonnaíochta tuaithe a ainmníodh tú i gcuid (i) thuas.

**Míniú ar gach patrún:**

| | |
|---|---|
| **Patrún 1: 2 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **6m** |
| **Patrún 2: 2 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **6m** |
| **Patrún 3: 2 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **6m** |

**Iomlán 40m**

# Aguisín 1

## Liosta na dTopaicí Fiosrúcháin sa Tíreolaíocht in 2021

1. Talamhúsáid ag athrú i gceantar áitiúil.

2. Tionchar na himirce i gceantar áitiúil.

3. Imscrúdú ar cheist comhshaoil áitiúil.

4. Staidéar ar gheolaíocht ceantair áitiúil

5. Imscrúdaigh tionchar **dhá** phróiseas shonracha maidir le creimeadh (e.g. scríobchaitheamh, cnaí, réiteach etc.) ar mhúnlú an tírdhreacha i dtimpeallacht abhann **nó** chósta **nó** oighreach.

6. Tionchar gníomhaíochta geilleagraí príomhúla **nó** tánaistí i gceantar áitiúil.

**Aguisín 2**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit
# State Examinations Commission

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## Tábla 300 @ 10%

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 300 marc san iomlán ag gabháil leo agus in arb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 225 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach ar an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 226 | 22 |
| 227 - 230 | 21 |
| 231 - 233 | 20 |
| 234 - 236 | 19 |
| 237 - 240 | 18 |
| 241 - 243 | 17 |
| 244 - 246 | 16 |
| 247 - 250 | 15 |
| 251 - 253 | 14 |
| 254 - 256 | 13 |
| 257 - 260 | 12 |
| 261 - 263 | 11 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 264 - 266 | 10 |
| 267 - 270 | 9 |
| 271 - 273 | 8 |
| 274 - 276 | 7 |
| 277 - 280 | 6 |
| 281 - 283 | 5 |
| 284 - 286 | 4 |
| 287 - 290 | 3 |
| 291 - 293 | 2 |
| 294 - 296 | 1 |
| 297 - 300 | 0 |
| | |

Imscrúdú Tíreolaíoch – Ní chuirtear san áireamh san iomlán do mharcanna bónais é

Nótáil: Tá fáil ar scéim mharcála mhionathraithe le haghaidh iarrthóirí a thug faoi scrúdpháipéar mionathraithe.